Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2016

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2016
# SCÉIM MHARCÁLA

# EACNAMAÍOCHT
# GNÁTHLEIBHÉAL

## **Scéim Mharcála** agus **Nótaí Tacaíochta**

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.
- Ní freagraí eiseamláireacha iad ach sampla de fhreagraí féideartha.
- I gcuid mhaith cásanna, d’fhéadfadh sé go mbeadh eochairfhrásaí sna nótaí tacaíochta a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé nó sí na marcanna sannta.
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart agus sa chomhthéacs ceart agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Mar riail ghinearálta, más ann d’amhras faoina bhailí atá aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronnfar marcanna.

## *INNÉACS NA gCEISTEANNA*


| Uimhir | Ábhar | Lch (lgh) |
|---|---|---|
| | | |
| | Roinn A | 3 - 7 |
| | Roinn B | |
| 1 | Iomaíocht Fhoirfe agus Tomhaltas Alcóil | 8 - 10 |
| 2 | Éileamh, Soláthar agus Baincéireacht | 11 - 13 |
| 3 | Fiontraíocht, Rátaí Pá agus Cruinniú Mullaigh an Ghréasáin | 14 - 16 |
| 4 | An tSín, Dáileadh saibhris agus Daonáireamh 2016 | 17 - 19 |
| 5 | Cáin, MSU agus Dífhostaíocht | 20 - 23 |
| 6 | Allmhairí, Turasóireacht agus Cuideachtaí Ilnáisiúnta in Éirinn | 24 - 27 |
| 7 | Ioncam Náisiúnta agus Fás Geilleagrach | 28 - 30 |
| 8 | Fiachas Náisiúnta, Metro Thuaidh agus Caomhnú Comhshaoil | 31 - 34 |

# Roinn A

**1.** Críochnaigh an ráiteas seo a leanas:

Is toisc tháirgeachta é talamh a shainmhínítear mar rud ar bith a chuireann an **AN DÚLRA ar fáil agus a chuidíonn i dtairgeadh EARRAÍ agus seirbhísí. Is é a thugtar ar an íocaíocht as talamh ná CÍOS**.

**An 1ú freagra ceart: 8 marc**
**An 2ú agus an 3ú freagra ceart: 4 mharc an ceann.**

**(16 mharc)**

**2.** Cuir in iúl le tic (✓) cén chatagóir a mbaineann gach ráiteas díobh seo léi.

| **Ráiteas** | **Trádbhac** | **Cuóta** | **Taraif** | **Fóirdheontas** |
|---|---|---|---|---|
| Cáin ar earraí a iompórtáiltear isteach sa tír. | | | ✓ | |
| Cosc iomlán ar iompórtáil earraí áirithe. | ✓ | | | |
| Teorainn fhisiciúil á cur ag an rialtas ar chainníocht na n-earraí is ceadmhach a iompórtáil. | | ✓ | | |
| Íocaíocht nó cúnamh ar bith a thugann an rialtas do tháirgeoirí earraí agus seirbhísí in Éirinn. | | | | ✓ |

**An 1ú freagra ceart: 8 marc**
**An 2ú freagra ceart: 4 mharc**
**An 3ú agus an 4ú freagra ceart: 2 mharc an ceann.**

**(16 mharc)**

**3.** Léiríonn an tábla thíos, agus é comhlánaithe, go dtosaíonn áirgiúlacht imeallach laghdaitheach nuair a thomhlaítear 4 aonad.

| Líon na n-aonad a thomhlaítear | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Áirgiúlacht iomlán ina haonaid | 15 | 40 | 70 | 85 | 95 | 100 |
| Áirgiúlacht imeallach ina haonaid | 15 | 25 | **30** | 15 | **10** | **5** |

**(a)** Líon isteach na **spásanna bána** sa tábla thuas.

**(b)** Mínigh cén fáth a dtosaíonn áirgiúlacht imeallach laghdaitheach nuair a thomhlaítear 4 aonad.

**Is lú an áirgiúlacht imeallach a fhaightear ón 4ú haonad a thomhlaítear ná a fhaightear ón 3ú haonad.**

**(a) Gach figiúr ceart: 4 + 4 + 4**
**(b) Míniú: 4 mharc**

**(16 mharc)**

**4.** Táirgeann gnólacht 50 aonad gach seachtain**.** Faigheann siad €50,000 san iomlán as díolachán an 50 aonad seo. Íocann an gnólacht na **costais** seo a leanas:
Pá: €5,000; Amhábhair: €25,000; Solas & Teas: €3,000; Cíos ar Áitribh: €7,000.

**Ríomh iad seo a leanas, taispeáin do chuid oibre.**

**(a) An costas iomlán** ar 50 aonad a tháirgeadh.

**<u>€40,000</u>**

**(b) An brabús** ar dhíolacháin.

**<u>€10,000</u>**

**(c) An costas ar aonad amháin a tháirgeadh. (meánchostas)**

**<u>€800</u>**

(a)

€5,000 + €25,000 + €3,000 + €7,000 = €40,000

(b)

€50,000 - €40,000 = €10,000.

(c) $\frac{€40{,}000}{50} = €800$

**(a) Gach figiúr ceart: 5 x 2 mharc = 10**
**(b) Gach figiúr ceart: 3 x 1 mharc = 3**
**(c) Gach figiúr ceart: 3 x 1 mharc = 3**

**(16 mharc)**

**5.** Meaitseáil na smaointe eacnamaíochta atá ar an liosta thíos leis an eacnamaí a luaitear leo:

**Smaoineamh Eacnamaíochta** — **Eacnamaí**

**A.** An tIolraitheoir — **1**. Karl Marx
**B.** Dlí an Bhuntáiste Chomparáidigh — **2**. Adam Smith
**C.** Laissez Faire — **3**. John Maynard Keynes
**D.** Dúshaothrú an lucht oibre i gcóras caipitlíoch. — **4**. David Ricardo.

| **Smaoineamh Eacnamaíochta** | A | B | C | D |
|---|---|---|---|---|
| **Eacnamaí** | **3** | **4** | **2** | **1** |

**An 1ú freagra ceart: 8 marc**
**An 2ú freagra ceart: 4 mharc**
**An 3ú agus an 4ú freagra ceart: 2 mharc an ceann.**

**(16 mharc)**

**6.** Tá an easpa dídine ag teacht chun cinn mar fhadhb mhór shóisialta i sochaí na hÉireann. Tuairiscíonn carthanais a bhfuil baint acu le daoine gan dídean go bhfuil 70 teaghlach ag cailleadh a n-áit chónaithe in aghaidh na míosa.

**(a)** Tabhair cúis eacnamaíochta **amháin** leis an méadú ar líon na ndaoine gan dídean.

1. Éileamh níos mó ar thithíocht mar thoradh ar dhaonra méadaithe
2. Soláthar laghdaithe tithe (sóisialta) de bharr gur lú tithe a thógann na húdaráis áitiúla.
3. Fáil laghdaithe ar thithe ar cíos.
4. Cíosanna ag dul in airde agus iad de bhreis ar liúntais cíosa rialtais.
5. Níl sé d'acmhainn ag roinnt daoine cíos ard a íoc ar thithíocht in Éirinn mar gheall ar bhochtannas / dífhostaíocht.
6. Mar gheall ar fhiacha arda pearsanta le linn an chúlaithe gheilleagraigh, ba dheacair do dhaoine áirithe a gcuid aisíocaíochtaí morgáiste a dhéanamh.
7. De réir rialacháin de chuid an Bhainc Ceannais, caithfidh ceannaitheoirí céaduaire 20% den luach ceannaigh a bheith sábháilte acu, rud a fhágann gur deacra é a bheith ar acmhainn duine teach a cheannach.
8. Tá an corrlach brabúis ar thithe agus ar árasáin nua-tógtha / leath-scoite ró-íseal le forbróirí réadmhaoine a spreagadh le hinfheistíocht a dhéanamh.

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar bheart eacnamaíochta **amháin** a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann a dhéanamh chun cuidiú le líon na ndaoine atá gan dídean in Éirinn a laghdú.

1. Cur leis an soláthar tithíochta sóisialta / d'fhéadfaí tithe oiriúnacha atá faighte ag NAMA a dhíol le húdaráis áitiúla chun tithíocht inacmhainne a chur ar fáil.
2. Tithíocht mhodúlach a chur ar fáil mar atá i mBaile Átha Cliath faoi láthair.
3. Tithe agus árasáin faoi chláir adhmaid do dheisiú ag na húdaráis áitiúla agus iad a chur ar fáil.
4. Cur leis an lóistín éigeandála gearrthréimhseach a sholáthraíonn na húdaráis áitiúla.
5. Cur leis na liúntais a fhaigheann daoine a bhfuil teacht isteach íseal acu / cur leis an liúntas cíosa a íoctar le daoine atá i dteideal leas sóisialachchun cur ar acmhainn acu lóistín a fháil ar cíos.
6. Cáin ar ioncam tógála / ioncaim cíosa a laghdú rud a d'fhéadfadh soláthar na dtithe / na maoine ar cíos a mhéadú.
7. Rialacháin nua a tugadh isteach i mí na Nollag 2015 chun daingneacht tionachta na dtionóntaí a chosaint agus rialú maidir le méadú cíosa.

**An 1ú freagra ceart: 10 marc.**
**An 2ú freagra ceart: 7 marc.** **(17 marc)**

**7.** Tá rialtas na hÉireann ag smaoineamh ar gan díol toitíní a cheadú ach amháin i bpacáiste coitianta agus ar chosc iomlán a chur ar bhrandáil de gach cineál.

**(17 marc)**

(i) Mínigh an téarma **brandáil**.

An chaoi a gcruthaítear ainm, siombail nó dearadh trína n-aithnítear táirge nó a dhéanann idirdhealú idir táirge amháin agus táirgí eile comhchosúla.

**Míniú: 10 marc**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** a bhfuil rialtas na hÉireann ag smaoineamh ar an bheart seo a thabhairt isteach.

1. Chun cuidiú leis an éileamh ar thoitíní a laghdú, go háirithe i measc daoine óga.
2. Fágann sé gur deacra do na cuideachtaí tobac fógraíocht a dhéanamh.
3. Má laghdaítear ar thomhaltas, d'fhéadfadh feabhas a theacht ar fholláine an phobail.
4. Seans go laghdófaí ar an méid a chaitear ar chúrsaí sláinte.

**Cúis amháin: 7 marc.**

**8.** "D'fhéadfadh méid an gheilleagair dhuibh a bheith chomh hard le €25 billiún in aghaidh na bliana."

(**Foinse**: *Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide na hÉireann, Irish Independent*, Meán Fómhair 2015)

**(17 marc)**

**(a)** Mínigh an téarma geilleagar dubh**:**

Gníomhaíocht gheilleagrach a tharlaíonn nach ndéantar taifead uirthi agus mar sin nach gcuirtear san áireamh sna cuntais ioncaim náisiúnta.

**5 mharc**

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar an tionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí sa gheilleagar dubh ar gach ceann díobh seo a leanas.

**Rialtas na hÉireann**:

1. Cánachas: laghdú ar theacht isteach cánach mar shampla CBL nó cáin ioncaim / tabhairt isteach cáin nua nó táillí chun an t-easnamh a chúiteamh.
2. Méadú ar chaiteachas rialtais ar chur i bhfeidhm dlíthe.
3. Méadú ar an mbille leasa shóisialaigh: tá leas sóisialach á éileamh ag roinnt daoine cé go bhfuil ioncam á shaothrú acu ag an am céanna.
4. Laghdú ar sholáthar seirbhísí stát mar go bhféadfadh sé nach mbeadh an t-ioncam ar fáil don rialtas lena gcur ar fáil.

**Gnólachtaí na hÉireann:**

1. Laghdú ar dhíolacháin / bhrabúis mar go bhféadfadh custaiméirí tosú ag ceannach ar an margadh dubh.
2. Laghdú ar an lucht saothair: seans go mbeadh ar ghnólachtaí gearradh siar ar líon a lucht saothair de réir mar a thagann laghdú ar dhíolacháin.
3. Brú chun praghsanna a ísliú / caighdeán seirbhísí a fheabhsú chun dul in iomaíocht leis na praghsanna ísle ar an margadh dubh.

**An 1ú freagra ceart: 8 marc.**
**An 2ú freagra ceart: 4 mharc.**

**9.** Tomhaistear **Ioncamleaisteachas an Éilimh** (YED) leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$\frac{\Delta Q}{\Delta Y} \times \frac{Y_1 + Y_2}{Q_1 + Q_2}$$

Líon isteach an tábla seo a leanas chun a chur in iúl cad dó a seasann gach ceann de na siombailí thuas:


| | |
|---|---|
| $\Delta Q$ | **Athrú ar an gcainníocht den earra atá á éileamh.** |
| $\Delta Y$ | **Athrú ar ioncam an tomhaltóra.** |
| $Y_1$ | Ioncam tosaigh an tomhaltóra. |
| $Y_2$ | **Ioncam nua an tomhaltóra.** |
| $Q_1$ | **Cainníocht bhunaidh an earra atá á éileamh.** |
| $Q_2$ | Cainníocht nua an earra atá á éileamh. |

**An 1ú freagra ceart: 8 marc**
**An 2ú, an 3ú agus an 4ú freagra ceart: 3 mharc an ceann.**

**(17 marc)**

## C1 Iomaíocht Fhoirfe agus Tomhaltas Alcóil

Sa léaráid thíos taispeántar cothromaíocht fhadtréimhseach gnólachta atá in **Iomaíocht Fhoirfe**.




**(30 marc)**

**(a)** (i) Déan cóip den léaráid i do fhreagarleabhar.
Scríobh amach ina iomláine gach ceann de na **sé** lipéad a bhfuil líne fúthu.

| Lipéad | Teideal Iomlán: | |
|---|---|---|
| P | Praghas | **4 mharc** |
| C | Cainníocht | **4 mharc** |
| MCh | **Meán**chostas | **4 mharc ( 2** + 2 **)** |
| CI | Costas **Imeallach** | **4 mharc ( 2** + 2 **)** |
| MI | **Meán**ioncam | **4 mharc ( 2** + 2 **)** |
| II | Ioncam **Imeallach** | **4 mharc ( 2** + 2 **)** |

(ii) Bíonn cothromaíocht ann ag an b**pointe G** ar an léaráid.
Taispeáin ar do léaráid:

- An **praghas** a ghearrfaidh an gnólacht ar a aschur (úsáid an lipéad **$P_1$**).
- An t-**aschur** a tháirgfidh an gnólacht i gcothromaíocht (úsáid an lipéad **$C_1$**).

| | |
|---|---|
| **$P_1$** | **an praghas a ghearrfaidh an gnólacht ar a aschur** |
| **$C_1$** | **an t-aschur a tháirgfidh an chuideachta** |

Gach freagra ceart**: 3 mharc an ceann x 2 = 6 mharc**

**(b)** Ar na na saintréithe a bhaineann leis an iomaíocht fhoirfe tá go mbíonn eolas foirfe ann.

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
(ii) Luaigh **dhá** shaintréith eile a bhaineann leis an iomaíocht fhoirfe.
(iii) Scríobh nótaí gairide chun **gach** ceann den dá shaintréith sin a mhíniú.

**(20 marc)**

(i)

**Eolas foirfe**

- Tá eolas iomlán ag gach gnólacht sa mhargadh maidir leis na brabúis a dhéanann na gnólachtaí eile sa tionscal.
- Tá tomhaltóirí ar an eolas faoi na praghsanna atá á ngearradh ar tháirgí.

**4 mharc**

(ii) & (iii) **Saintréithe**:

**Tá na hearraí comhionann le chéile**.

**Tá mórán ceannaitheoirí sa tionscal.**

**Tá mórán díoltóirí sa tionscal.**

**Saorchead isteach agus amach.**

**Déanann cuideachta iarracht an oiread brabús a dhéanamh agus is féidir**.

**Soláthar leaisteach na dtosca táirgeachta.**

**2 x 8 marc an ceann**
**Luaigh: 2 x 4 mharc an ceann.**
**Míniú: 2 x 4 mharc an ceann.**

**(c)** Táthar chun cosc a chur ar fhógraíocht an alcóil taobh istigh de gach páirc spóirt.

(**Foinse**: *An Bille um Shláinte Phoiblí (Alcól)*, Mí na Nollag 2015)

(i) Luaigh cúis **amháin** a bhféadfadh sé tarlú **nach** mbeadh eagraíochtaí spóirt i bhfabhar leis an moladh thuas.
(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** mholadh eile a d'fhéadfadh cuidiú chun tomhaltas an alcóil in Éirinn a laghdú.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste don tsochaí as laghdú ar thomhaltas an alcóil. **(25 marc)**

(i) Luaigh cúis **amháin** a bhféadfadh sé tarlú **nach** mbeadh eagraíochtaí spóirt i bhfabhar leis an moladh thuas.

**Caillteanas ioncaim fógraíochta** do na gnólachtaí a mbeadh fógraíocht á déanamh acu sa pháirc.
**Laghdú ar chaighdeán seirbhísí:** murar féidir an laghdú ioncaim a chúiteamh áit éigean eile seans go mbeadh ar an eagraíocht gearradh siar ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil dá cuid ball.
**Méadú ar mhuirir / ar tháillí:** murar féidir an laghdú ioncaim a chúiteamh áit éigean eile seans go mbeadh ar an eagraíocht na táillí a ghearrtar orthu siúd a fhreastalaíonn ar imeachtaí a mhéadú.
**Foinsí eile ioncaim a aimsiú**, mar shampla an pháirc a úsáid le ceolchoirmeacha a chur ar siúl etc.

**5 mharc (2+3)**

(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** mholadh eile a d'fhéadfadh cuidiú chun tomhaltas an alcóil in Éirinn a laghdú.

**Cánacha**: cánacha ar nós dleachta máil/CBL ar alcól a mhéadú, rud a bhféadfadh laghdú tomhaltais a bheith mar thoradh air.

**Soláthar a rialú:** dá gcuirfí srian ar **uaireanta oscailte** tithe tábhairne agus siopaí eischeadúnais.
**Teorainneacha a thabhairt isteach maidir leis an méid alcóil is féidir a cheannach ó shiopaí.**

**Srianta aoise**: an aois dhlíthiúil chun alcól a ól a ardú go dtí 21 bhliain d'aois.

**Pointí díolacháin**: teorainn a chur le líon na n-áiteanna ina ndíoltar alcól, e.g. cosc a chur ar dhíol alcóil i stáisiúin peitril / srian a chur ar líon na gceadúnas.

**Urraíocht**: cosc a chur ar an Tionscal Deochanna urraíocht a dhéanamh ar imeachtaí.

**Feasacht Tomhaltóirí**: úsáid a bhaint as feachtais fógraíochta chun feasacht a ardú maidir leis an mbaol a bhaineann le barraíocht alcóil a ól.

**Íosphraghsáil a thabhairt isteach**: cuirfidh sé seo deireadh le díol alcóil ar phraghsanna 'ísle', mar sin cuideoidh sé le tomhaltas a laghdú.

**Pionóis níos géire a thabhairt isteach** do ghnólachtaí a sháraíonn a gceadúnas.

**2 x 5 mharc (2 + 3)**

(iii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste don tsochaí as laghdú ar thomhaltas an alcóil.

**Brú laghdaithe ar ospidéil / laghdú ar chaiteachas ar chúrsaí sláinte**: níos lú daoine á gcur isteach im aonaid Timpistí agus Éigeandála.

**Laghdú ar leibhéil choireachta:** níos lú costas sóisialta don tsochaí.

**Pobal níos folláine / níos saibhre:** beidh saoránaigh níos folláine agus tiocfaidh níos lú tinneas a bhaineann le halcól orthu / beidh ioncam breise indiúscartha acu le caitheamh / sábháil.

**Ionchas saoil:** Seans go mairfidh daoine níos faide má ólann siad níos lú alcóil/go laghdófar ar líon na mbásanna.

**Táirgiúlacht mhéadaithe i measc oibrithe:** má bhíonn oibrí níos folláine / níos sásta, seans go mbeidh sé/sí níos táirgiúla.


**Laghdú ar leibhéil neamhláithreachta**: d'fhéadfadh oibrithe bheith as láthair ní b'annaimhe / níos lú íocaíochtaí ar leas sóisialach.

**Laghdú ar líon na mbásanna a bhaineann le halcól** i dtimpistí bóthair.

**2 x 5 mharc (2 + 3)**

## C2 Éileamh, Soláthar agus Baincéireacht

**(a)** Cuir i gcás go léiríonn an léaráid thíos margadh na gcarranna leictreacha in Éirinn.




(i) Déan cóip den léaráid i do fhreagarleabhar. Lipéadaigh go soiléir gach ceann de na línte **1** go **3**.


(ii) Taispeáin ar do léaráid:

- praghas cothromaíochta (úsáid an lipéad $\mathbf{P_1}$ )
- cainníocht chothromaíochta (úsáid an lipéad $\mathbf{C_1}$)

(iii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a d'fhéadfadh Éire a bhaint as breis carranna leictreacha a bheith á n-úsáid.

(iv) Tabhair breac-chuntas ar bheart **amháin** a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann a chur san áireamh chun tomhaltóirí a spreagadh le hathrú go carranna leictreacha. **(25 marc)**

(i) agus (ii)




| Mír | | Marcanna |
|---|---|---|
| 1 | **Praghas** | **2** |
| 2 | **Cainníocht** | **2** |
| 3 | **Éileamh** | **2** |
| praghas cothromaíochta | $\mathbf{P_1}$ | **2** |
| cainníocht chothromaíochta | $\mathbf{C_1}$ | **2** |

(iii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a d'fhéadfadh Éire a bhaint as breis carranna leictreacha a bheith á núsáid.

**Astaíochtaí laghdaithe / comhshaol níos glaine / forbairt inbhuanaithe.**

**Cuirfear amú níos lú acmhainní atá gann / spleáchas laghdaithe ar ola/ar ghás / níos lú allmhairí.**

**Feithiclí níos nuaí ar bhóithre (Sábháilteacht).**

**Costais laghdaithe i dtaobh carr a thiomáint** mar gur féidir carranna a luchtú ón mbaile. Is lú an costas cothabhála de bharr nach bhfuil aon ola le hathrú agus tá costas mótarchánach sa bhanda is saoire ag €120.

**2 x 5 mharc (2+3)**

(iv) Tabhair breac-chuntas ar bheart **amháin** a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann a chur san áireamh chun tomhaltóirí a spreagadh le hathrú go carranna leictreacha.

**Deontas a thairiscint** a chlúdódh cuid de luach ceannaigh gach cairr nua leictreonaigh a cheannófaí. (Cuireann an rialtas deontas €5000 ar fáil do thomhaltóirí agus cáin chláraithe feithiclí (CCF) nialais do thomhaltóirí).

**Mótarcháin a ísliú** dóibh siúd a bhaineann úsáid as carranna leictreacha. (Tá costas mótarchánach sa bhanda is saoire ag €120)

**Níos mó pointí inar féidir carr a phlugáil isteach a chur ar fáil ar bhonn náisiúnta** chun úsáid bhreise carranna leictreacha a éascú.

**Cead a thabhairt do charranna leictreacha úsáid a bhaint as lánaí bus.**

**Páirceáil saor in aisce do charranna leictreacha.**

**Dolaí a bhaint de bhóithre uile na hÉireann do gach charr leictreach.**

**Spreagthaí a thairiscint chun athrú ó pheitreal/ó dhíosal.**

**5 mharc (2+3)**

**(b)** Bogann cuar an éilimh **nó** cuar an tsoláthair ar dheis **nó** ar chlé de bharr na dtosca seo a leanas:

- titim ar leibhéil an ioncaim sa gheilleagar
- feabhas ar theicneolaíocht táirgthe an ghnólachta.

Maidir le **gach** ceann de na tosca thuas, freagair na **trí** cheist seo a leanas:

(i) luaigh cé acu cuar an éilimh **nó** cuar an tsoláthair a bhogfaidh
(ii) luaigh cé acu ar dheis **nó** ar chlé a bhogfaidh an cuar a luann tú
(iii) mínigh **cén fáth** ar bhog an cuar sa treo a luaigh tú. **(20 marc)**

| | **Titim ar leibhéil an ioncaim sa gheilleagar** | **Marc** | **Feabhas ar theicneolaíocht táirgthe an ghnólachta** | **Marc** |
|---|---|---|---|---|
| C/É nó C/S? | **Cuar an Éilimh** | **4** | **Cuar an tSoláthair** | **4** |
| Bogadh ar dheis nó ar chlé? | **Ar chlé** | **3** | **Ar dheis** | **3** |
| Mínigh | **Níl sé d'acmhainn ag tomhaltóirí an t-earra / an tseirbhís a cheannach, mar sin titeann an t-éileamh.** | **3** | **Tagann feabhas ar chumas an ghnólachta táirí a tháirgeadh de réir mar a éiríonn a innealra níos éifeachtúla agus méadaítear an soláthar.** | **3** |
| | | **10** | | **10** |

**(c)** Is é atá i gceist le ríomhbhaincéireacht ná úsáid ríomhairí chun idirbhearta baincéireachta a dhéanamh.

(i) Luaigh agus mínigh **dhá** fheidhm atá ag na bainc thráchtála.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis eacnamaíochta a bhféadfadh banc a bheith i bhfabhar leis an ríomhbhaincéireacht.
(iii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** mhíbhuntáiste a d'fhéadfadh a bheith ag an romhbhaincéireacht do chustaiméirí bainc.

**(30 marc)**

(i) Luaigh agus mínigh **dhá** fheidhm atá ag na bainc thráchtála.

**Saoráidí Coigiltis.**

**Iasachtú.**

**Córas seiceanna/cuntais reatha a oibriú.**

**Baincéireacht 24 Uair.**

**Ríomhaistriú Airgid/ Uathíocaíocht Billí.**

**Airgeadra Eachtrach.**

**2 x 5 mharc (2 +3)**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis eacnamaíochta a bhféadfadh banc a bheith i bhfabhar leis an ríomhbhaincéireacht.

**Costais foirne a laghdú**: is féidir gur mian leis an mbanc a leibhéil foirne a laghdú agus costais a laghdú dá réir.

**Brabúis a mhéadú**: agus na costais laghdaithe tiocfaidh méadú ar bhrabúis na mbanc, rud a rachaidh chun tairbhe na scairshealbhóirí. Is féidir ráitis etc. a sheoladh go leictreonach, rud a laghdaíonn go mór an caiteachais ar phostas agus ar stáiseanóireacht.

**Éascaítear tuilleadh úsáide as teicneolaíocht i measc custaiméirí**: tá níos mó dá chuid custaiméirí ag baint úsáide as baincéireacht ar líne agus tá sé á athrú féin le teacht le rogha na dtomhaltóirí.

**Spreagtar daoine le húsáid a bhaint as idirbhearta ar líne**: laghdaítear mar sin ar mhoill / ar scuainí sna bainc.

**Éifeachtúlacht mhéadaithe:** is éifeachtúla an teicneolaíocht leis an tseirbhís a chur ar fáil. Is féidir bearta baincéireachta a chur i gcrích gan idirghníomhú ná cumarsáid dhaonna a d'fhéadfadh a chur le moill agus táirgiúlacht íslithe.

**Seirbhís fheabhsaithe do chustaiméirí.** Tá fáil ar bhaincéireacht 24 uair sa lá 365 lá sa bhliain ó bhaile an chustaiméara, óna oifig nó óna ghuthán póca in áit ar bith ar dhroim an domhain.

**2 x 5 mharc (2 + 3)**

(iii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** mhíbhuntáiste a d'fhéadfadh a bheith ag an **ríomhbhaincéireacht** do chustaiméirí bainc.

**Litearthacht i dTF:** Seans nach mbeidh scileanna TF ag cuid de na custaiméirí, ná rochtain ar ríomhaire nó ar idirlíon lena gcuid baincéireachta a dhéanamh go leictreonach.

**Seans go spreagfaidh sé daoine le hairgead tirim a choinneáil sa bhaile**: méadaíonn sé seo an baol do dhaoine agus seans go dtiocfaidh méadú ar ghadaíocht dá bharr.

**Deacrachtaí ag Uathmheaisíní Bainc**: d'fhéadfadh deacracht a bheith ag roinnt custaiméirí cuimhneamh ar UAP agus/nó d'fhéadfadh calaoiseoirí an UAP a ghoid/a fháil amach ag an Uathmheaisín Bainc/bíonn teorainneacha éagsúla aistarraingthe ag bainc éagsúla etc.

**Fadhbanna slándála**: d'fhéadfadh roinnt idirbheart a bheith neamhshlán i dtaobh haiceála, rud a laghdódh ar mhuinín daoine as an gcóras baincéireachta.

**Níl seirbhísí áirithe feiliúnach do chur i gcrích leictreonach.** I gcás seirbhísí áirithe, is gá labhairt le ball foirne le comhairle a fháil.

**2 x 5 mharc (2+3)**

## C3 Fiontraíocht, Rátaí Pá agus Cruinniú Mullaigh an Ghréasáin

**(a)** Téann an fiontraí i bpriacal nuair a chuireann sé talamh agus an dá thoisc tháirgeachta eile le chéile agus é ag bunú gnólachta.

(i) Luaigh agus mínigh an **dá** thoisc tháirgeachta eile, seachas fiontraíocht agus talamh.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí a théann fiontraithe chun tairbhe do gheilleagar na hÉireann.

**(24 marc)**

(i) Luaigh agus mínigh an **dá** thoisc tháirgeachta eile, seachas fiontraíocht agus talamh.

| *Toisc* | *Sainmhíniú* | *Marcanna* |
|---|---|---|
| **Lucht oibre** | • na daoine a dhéanann an obair i cruthú an rachmas | **3 + 3 mharc** |
| **Caipiteal** | • saibhreas / innealra de dhéantús an duine a úsáidtear<br>• infheistíocht i ngnólacht | **3 + 3 mharc** |

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí a théann fiontraithe chun tairbhe do gheilleagar na hÉireann.

**Cuidiú le cruthú / le cothabháil post.**
**Comhardú na n-íocaíochtaí a fheabhsú.**
Má dhéantar na hearraí a tháirgtear a easpórtáil, cuirfidh sé sin staid Chomhardú na nÍocaíochtaí don tír chun feabhais.

**Infheistíocht bhreise a spreagadh / Fás geilleagrach (OTN).**

**Nuálaíocht: táirgí nua.**

**Cuidiú le giniúint ioncaim cánach don rialtas / an caiteachas reatha a laghdú.**

**2 x 6 mharc (3+3)**

**(b)** I gCáinaisnéis 2016 ardaíodh <u>an ráta náisiúnta íosphá</u> in Éirinn ó €8.65 go €9.15.

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** aidhm a bhíonn le híosphá náisiúnta.
(iii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** mhíbhuntáiste eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag baint le hardú an íosphá náisiúnta. **(27 marc)**

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.

An Ráta Náisiúnta Íosphá

An pá is ísle nach mór d'fhostóirí a íoc lena gcuid fostaithe, de réir an dlí.

**7marc (4 + 3)**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** aidhm a bhíonn le híosphá náisiúnta.

**Caighdeán maireachtála an oibrí a fheabhsú**
Trí íosphá a chur ar fáil méadaítear ar ioncaim indiúscartha na n-oibrithe agus feabhsaítear a gcaighdeán maireachtála.

**Cur le spreagadh chun a bheith ag obair**
D'fhéadfadh sé tuilleadh daoine a mhealladh isteach mar chuid den lucht saothair.

**Dáileadh cothrom ioncaim a thabhairt isteach / Fadhb an bhochtannais a laghdú**
Anois, i gcás daoine ar rátaí ísle pá, gheobhaidh siad bunrátaí pá íosta agus cuidíonn sé seo le hioncam a athdháileadh taobh istigh de thír.

**Cosaint reachtúil dóibh siúd is soghonta**
Anois, tá cosaint iomlán sa dlí d'oibrithe a d'fhéadfadh a bheith i mbaol dúshaothraithe ó fhostóirí mí-chothroma.

**Dífhostaíocht a laghdú**
D'fhéadfaí daoine atá dífhostaithe go roghnach a spreagadh le dul isteach sa lucht saothair leis na rátaí pá níos airde.

**2 x 5 mharc (2 + 3)**

(iii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** mhíbhuntáiste eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag baint le hardú an íosphá náisiúnta

Thiocfadh ardú ar chostais do ghnólachtaí, rud a d'fhágfadh go mbeadh orthu a gcuid **praghsanna a ardú** agus dá bharr sin bheadh éileamh laghdaithe ar a gcuid aschur / **brabúis ní b'ísle** mar thoradh ar chostais ní b'airde.

**Fostaíocht laghdaithe.** Mar gheall ar rátaí pá níos airde, b'fhéidir go mbeadh drogall ar fhostóirí tuilleadh ball foirne a fhostú nó go ndéanfadh siad iarracht an lucht saothair a laghdú.

Seans go dtitfeadh **caighdeán seirbhíse** d'fhonn costais a ghearradh.

**Baol dúnta / tuilleadh éiginnteachta:** má ardaítear costais, seans go dtitfidh an t-éileamh agus is féidir nach mbeidh sé d'acmhainn ag an ngnólacht a chuid costas a íoc agus méadaítear an baol dúnta.

**Iomaíochas laghdaithe.** Fágann íosphá níos airde go mbeidh costais táirgthe níos airde agus dá bharr sin tagann méadú ar an bpraghas díolta sa mhargadh le hais mar a bhíonn i ngeilleagair ísealchostais.

**Meath ar infheistíocht**. D'fhéadfadh infheistíocht isteach titim de bharr gur geilleagar ardchostais atá in Éirinn.

**2 x 5 mharc (2 + 3)**

**(c)** Tionóladh **Cruinniú Mullaigh an Ghréasáin** i mBaile Átha Cliath trí bliana i ndiaidh a chéile. Ghlac breis agus 100,000 duine páirt ann. I Liospóin na Portaingéile a bheidh an cruinniú mullaigh go ceann na chéad trí bliana eile.

**Nóta:** Is comhdháil bhliantúil teicneolaíochta é Cruinniú Mullaigh an Ghréasáin. Bíonn bunaitheoirí gnólachtaí nuathionscanta teicneolaíochta idirnáisiúnta i láthair.

(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste atá le baint ag an ngeilleagar áitiúil i mBaile Átha Cliath as comhdhálacha móra mar Chruinniú Mullaigh an Ghréasáin a bheith ar siúl ann.

(ii) Luaigh **dhá** bheart a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann **nó** an rialtas áitiúil/na húdaráis áitiúla a dhéanamh chun comhdhálacha móra idirnáisiúnta a mhealladh go hÉirinn. **(24 marc)**

(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste atá le baint ag an ngeilleagar áitiúil i mBaile Átha Cliath as comhdhálacha móra mar Chruinniú Mullaigh an Ghréasáin a bheith ar siúl ann.

**Éileamh méadaithe ar sheirbhísí fáilteachais:** tiocfaidh méadú ar an éileamh ar sheomraí in óstáin agus cuideoidh sé seo le hóstáin a mbrabúsacht a fheabhsú. Teastóidh béilí ó rannpháirtithe agus cuirfidh sé seo borradh faoi chúrsaí trádála i dtithe tábhairne agus i mbialanna.

**Méadú ar fhostaíocht ghearrthréimhseach**: má bhíonn níos mó daoine ag baint úsáide as tithe tábhairne agus as bialanna seans go bhfaighidh níos mó daoine fostaíocht ghearrthréimhseach.

**Tuilleadh comhdhálacha idirnáisiúnta a mhealladh**: más ionad maith é Baile Átha Cliath don chomhdháil seo, seans go spreagfaidh sé tuilleadh gníomhaireachtaí le comhdhálacha a eagrú i mBaile Átha Cliath.

**Borradh faoi TF na hÉireann, faoi Theicneolaíocht agus faoi ghnólachtaí nuathionscanta**: mar thoradh ar Phríomhfheidhmeannaigh mórchuideachtaí idirnáisiúnta a bheith i mBaile Átha Cliath, seans go dtiocfaidh méadú ar an éileamh ar sheirbhísí a chuireann cuideachtaí Éireannacha ar fáil san earnáil seo / go ndéanfar tuilleadh infheistíochta sna cuideachtaí seo.

**2 x 6 mharc (3 + 3)**

(ii) Luaigh **dhá** bheart a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann **nó** an rialtas áitiúil/na húdaráis áitiúla a dhéanamh chun comhdhálacha móra idirnáisiúnta a mhealladh go hÉirinn..

**Lóistín in Óstáin:**
D'fhéadfadh an t-údarás áitiúil dlíthe pleanála a mhaolú / talamh a athchriosú le haghaidh forbartha chun líon na seomraí atá ar fáil a mhéadú.

**Fadhbanna iompair a mhaolú:**
Bainistiú a dhéanamh ar iompar chun na gcomhdhálacha le nach gcuirfí moill ar dhaoine e.g. lána a chur ar leataobh do charranna atá ag dul go dtí an Chomhdháil.

**Feabhas a chur ar sholáthar leathanbhanda/Infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar:**
Dá bhféadfaí luas maith leathanbhanda a chinntiú i ngach cearn den tír, seans go bhféadfaí ní ba mhó comhdhálacha a mhealladh go hÉirinn.

**Foireann thiomnaithe de chuid an IDA /FÁILTE ÉIREANN:**
A dhéanfaidh margaíocht idirnáisiúnta ar Éirinn mar ionad do chomhdhálacha, ag léiriú bhuntáistí na hÉireann mar ionad.

Is gá **infheistíocht a dhéanamh in ionad náisiúnta comhdhála** le háiseanna den scoth chun imeachtaí cosúil le Cruinniú Mullaigh an Ghréasáin a reáchtáil ann.

**2 x 6 mharc (3 + 3)**

## C4 An tSín, Dáileadh saibhris agus Daonáireamh 2016

**(a)** In Aibreán 2016 chomhair an POS daonra na hÉireann agus chosain sé tuairim is €55m.
(i) Cad dó a seasann na túslitreacha POS?
(ii) Cad é an téarma oifigiúil a thugtar ar chomhaireamh an daonra?
(iii) Luaigh sampla **amháin** de chaiteachas a d'fhéadfadh bheith san áireamh sa €55m a chosain an comhaireamh.
(iv) Mínigh úsáid **amháin** a d'fheadfadh **gach** ceann díobh seo a leanas a bhaint as na sonraí a bailíodh:

- Gnólachtaí
- Rialtas na hÉireann. **(25 marc)**

(i) Cad dó a seasann na túslitreacha POS?

**An Phríomh-Oifig Staidrimh** **5 mharc**

(ii) Cad é an téarma oifigiúil a thugtar ar chomhaireamh an daonra?

**Daonáireamh** **5 mharc**

(iii) Luaigh sampla **amháin** de chaiteachas a d'fhéadfadh bheith san áireamh sa €55m a chosain an comhaireamh.

1. **Tuarastal do na háiritheoirí.**
2. **Oiliúint do na háiritheoirí.**
3. **Priontáil na bhfoirmeacha Daonáirimh.**
4. **Dáileadh agus bailiúchán na bhfoirmeacha.** **5 mharc**

(iv) Mínigh úsáid **amháin** a d'fheadfadh **gach** ceann díobh seo a leanas a bhaint as na sonraí a bailíodh:
Gnólachtaí / Rialtas na hÉireann**.**

| Grúpa | Úsáid amháin |
|---|---|
| **Gnólachtaí** | **Leibhéil éilimh an tomhaltóra sa todhchaí**<br>Is féidir le táirgeoirí an t-éileamh ar a n-earraí agus seirbhísí amach anseo a thuar níos cruinne.<br>**Sonraí faoin daonra**<br>Cuirtear faisnéis mhionsonraithe ar fáil faoin bpobal, ar nós aoise, inscne, stádas pósta, líon na bpáistí, creidimh, etc. – tugann sé seo faisnéis mhionsonraithe do ghnólachtaí faoina margadh.<br>**An margadh saothair**<br>Féadfaidh gnólachtaí leas a bhaint as na sonraí le fáil amach an féidir leo freastal ar a gcuid riachtanas saothair amach anseo. |
| **Rialtas na hÉireann** | **Riachtanais bhonneagair**<br>Is cúnamh é don rialtas maidir le pleanáil i gcomhair riachtanais bhonneagair amach anseo, e.g. scoileanna, tithe, bóithre etc.<br>**Soláthar seirbhísí ríthábhachtacha**<br>Cuireann sé in iúl an dteastaíonn infheistíocht bhreise i seirbhísí, i.e. sláinte, oideachas etc. Ina theannta sin, beidh an fhaisnéis a chuirtear ar fáil ina cúnamh don rialtas maidir lena mbuiséad reatha a réiteach.<br>**Pleanáil pinsean/airgeadais**<br>Is féidir leis an rialtas tuar níos cruinne a dhéanamh maidir le cén soláthar ar chóir a dhéanamh le haghaidh pinsean, sochair linbh etc. amach anseo.<br>**Athruithe déimeagrafacha**<br>Cuireann sé faisnéis ar fáil faoi athruithe déimeagrafacha ar bhonn náisiúnta. Ar bhonn réigiúnach, is cúnamh é don rialtas maidir le pleanáil le haghaidh riachtanais na réigiún amach anseo.<br>**Cáilíochtaí an lucht saothair**<br>Tugtar sonraí ann faoi cháilíochtaí oideachais/leibhéil oiliúna a bhain an lucht saothair amach – is féidir leis seo cúnamh a thabhairt don rialtas maidir le pleanáil i gcomhair forbartha ar sheirbhísí oideachais agus oiliúna amach anseo. |
| | **2 x 5 mharc (3 + 2)** |

**(b)** Ní geilleagar lárphleanáilte é geilleagar na Síne a thuilleadh ach fós ní geilleagar saorfhiontraíochta atá ann. Chuir an tSín deireadh le déanaí lena "polasaí aon pháiste" agus anois tá cead ag lánúineacha, den chéad uair ó 1979, beirt pháistí a bheith acu.

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste do gheilleagar na Síne a bhaineann leis an athrú i "bpolasaí an aon pháiste".

(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** mhíbhuntáiste eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag saoránaigh a bhfuil cónaí orthu i ngeilleagar lárphleanáilte. **(25 marc)**

(i) Geilleagar lárphleanáilte

- Leithdháileann an stát acmhainní trí mheicníocht lárphleanála.
- Déanann an rialtas idirghabháil chun gach gníomhaíocht gheilleagrach a rialáil.

**5 mharc**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste do gheilleagar na Síne a bhaineann leis an athrú i "bpolasaí an aon pháiste".

**Déimeagrafaic:** athróidh struchtúr an phobail sa tSín agus beidh dáileadh aoise na tíre níos fearr dá bharr/ ráta cóimheasa cleithiúnais níos ísle.

**Níos mó saoirse do dhaoine**: beidh an rogha ag lánúineacha anois an cinneadh a dhéanamh an bhfuil níos mó ná páiste amháin uathu.

**Oibrithe na todhchaí:** beidh rochtain ag an ngeilleagar ar níos mó oibrithe sa todhchaí agus an daonra ag fás/is ag an tSín atá an daonra atá ag dul in aois is tapa fáis ar domhan

**Pleanáil i gcomhair dhaonra níos sine na Síne:** Tá daonra na Síne ag éirí níos sine agus tá ar an Rialtas plean a chur le chéile ionas go mbeidh dóthain ioncaim acu le freastail ar an daonra níos sine seo e.g. soláthar seirbhísí sláinte.

**Éileamh méadaithe ar earraí agus ar sheirbhísí do pháistí**. Cuirfidh sé sin le fás an gheilleagair / le hinfheistíocht.

**2 x 5 mharc (3 + 2)**

(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** mhíbhuntáiste eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag saoránaigh a bhfuil cónaí orthu i ngeilleagar lárphleanáilte.

**Saoirse laghdaithe don duine aonair**
Tá baint chomh mór sin ag an rialtas le cúrsaí eacnamaíochta go gcuirtear srian ar shaoirse an duine aonair e.g. seans go sannfaí poist ar leith d'oibrithe nó go sannfaí poist dóibh in earnáil ar leith agus go gcuirfeadh riachtanais stát srian ar chumas na n-oibrithe athrú ó phost go post.

**Rogha níos srianta do thomhaltóirí**
De bharr nárbh é an brabús an chloch is mó ar phaidrín gach gnólachta seans gur beag tionchar a bheadh ag custaiméirí ar a dtáirgfí agus go mbeadh teorann leis an méid atá ar fáil, mar sin bheadh rogha ní ba lú ann.

**D'fhéadfadh costais shóisialta a bheith ní ba mhó ná costais phríobháideacha**
Seans go mbeadh saoránaigh thíos le costais shóisialta an táirgthe dá ndíreofaí ar fhás geilleagrach beag beann ar chúinsí eile e.g. d'éirigh cúrsaí truaillíochta chomh dona sin i mBéising le deireanaí gurbh éigean na scoileanna a dhúnadh ar feadh tréimhsí.

**Easpa meán cumarsáide neamhspleách**
Is leis an rialtas na nuachtáin agus meáin chumarsáide eile mar sin bíonn an nuacht an-chlaonta agus seans nach gcloisfeá ach amháin an méid a oireann don rialtas.

**2 x 5 mharc (3 + 2)**

**(c)** Is príomhchuspóir eacnamaíochta i gcónaí í forbairt gheilleagrach ag rialtais sna TT. (LDCs i mBéarla)

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dheacracht eacnamaíochta a bhíonn ag saoránaigh sna TT.

(iii) Mol **dhá** réiteach fhéideartha ar na deacrachtaí eacnamaíochta atá luaite agat. **(25 marc)**

(i) Forbairt gheilleagrach:

Méadú ar an leibhéal ioncaim ar an gcaighdeán maireachtála/ar an aschur/ ar an OTN in aghaidh an duine chomh maith le hathrú ar chomhdhéanamh na sochaí.

**5 mharc: 3 mharc + 2 mharc**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dheacracht eacnamaíochta a bhíonn ag saoránaigh sna TT.

**Rátaí arda fáis faoin daonra i dTíortha Tearcfhorbartha.**

**Ionchas saoil íseal.**

**Fiacha eachtracha arda / easpa caipitil.**

**A bheith ag brath an iomarca ar aon bharr amháin i dTíortha Tearcfhorbartha / Gorta.**

**Céatadán ard den phobal ag gabháil do thionscail eastóscacha / phríomhúla i dTíortha Tearcfhorbartha.**

**Drochbhonneagar i dTíortha Tearcfhorbartha.**

**Ioncam níos ísle in aghaidh an duine i dTíortha Tearcfhorbartha.**

**Leibhéil ísle oideachais / litearthachta i dTíortha Tearcfhorbartha.**

**Dúshaothrú a dhéanann ilnáisiúntaigh.**

**2 x 5 mharc (3 + 2)**

(iii) Mol **dhá** réiteach fhéideartha ar na deacrachtaí eacnamaíochta atá luaite agat.

**A bhfiachais náisiúnta a athstruchtúrú nó a chealú**
Bheadh caipiteal ag tíortha tearcfhorbartha le hinfheistiú ina dtíortha féin má dhéantar a bhfiachais náisiúnta a athstruchtúrú (nó a chealú).

**Uisce glan agus saoráidí sláintíochta a sholáthar**
Ba chóir go laghdófaí ar líon na mbásanna agus go gcuirfí ar chumas na ndaoine a bheith páirteach i ngníomhaíocht gheilleagrach láithreach dá ndéanfaí infheistíocht sna rudaí seo.

**Cúnamh a chur ar fáil d'fheabhsúcháin bhonneagair**
Cúnamh deontais do thionscnaimh áirithe ar nós ospidéal agus tionscnamh tógála scoileanna. Seans go dtiocfadh laghdú ar líon na mbásanna de bharr drochshláinte agus droch-áiseanna sláintíochta mar gheall ar na feabhsúcháin seo agus mar gheall ar oiliúint d'altraí agus do dhochtúirí.

**Téarmaí trádála níos fearr / Trádáil Chóir**
D'fhéadfadh an Eagraíocht Dhomhanda Trádála téarmaí trádála ní b'fhearr a bhaint amach i dTíortha Tearcfhorbartha le go gcuirfí leis an ioncam a fhaigheann siad ó easpórtálacha (onnmhairí).
Dá gcinnteofaí beartais trádála córa le Tíortha Tearcfhorbartha ba chóir go dtiocfadh méadú ar ioncam na saoránach, rud a fheabhsódh an caighdeán maireachtála.

**Teicneolaíocht a thabhairt isteach chun barr/Soláthar bia i gcásanna práinne a fheabhsú.**
Seans go méadódh teicneolaíocht táirgeadh baile/go gcuideodh sí le Tíortha Tearcfhorbartha a dtáirgiúlacht a éagsúlú/go spreagfadh sí tuilleadh daoine leis na tionscail eastóscacha a fhágáil le glacadh le poist a bheadh cruthaithe in earnálacha éagsúla. Ba chóir go gcuideodh soláthairtí éigeandála bia le hocras a laghdú agus leis an líon básanna a laghdú.

**2 x 5 mharc (3 + 2)**

| **C5** | **Cáin, MSU agus Dífhostaíocht** |
|---|---|

**(a)** Íocann saoránaigh na hÉireann cánacha díreacha agus cánacha indíreacha leis an rialtas.

(i) Mínigh **gach** ceann de na téarmaí a bhfuil líne fúthu agus luaigh sampla **amháin** de **gach** ceann díobh.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** úsáid a bhaineann an rialtas as ioncam cánachais.
(iii) Is féidir go smaoineoidh rialtas na hÉireann ar **cháin ar shiúcra** a thabhairt isteach chun tabhairt faoi ghéarchéim na hotrachta.
Déan plé ar **dhá** argóint i bhfabhar **nó** i gcoinne cáin ar shiúcra a thabhairt isteach. **(30 marc)**

(i) Mínigh **gach** ceann de na téarmaí a bhfuil líne fúthu agus luaigh sampla **amháin** de **gach** ceann díobh.

| | Cánacha díreacha | Marc. | Cánacha indíreacha | Marc. |
|---|---|---|---|---|
| Míniú | Is cánacha ar ioncam *nó* ar rachmas iad. | **3** | Is cánacha ar earraí/ar sheirbhísí iad.<br>Is cánacha ar chaiteachas iad. | **3** |
| Sampla | Cáin Ioncaim<br>Cáin Choinneála ar Ús Taisce<br>Cáin Bhrabúis Chorparáide | **2** | Cáin Bhreisluacha<br>Dleachtanna Máil<br>Cáin Chláraithe Feithiclí | **2** |
| | | **5** | | **5** |

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** úsáid a bhaineann an rialtas as ioncam cánachais.

**Ioncaim a sholáthar don rialtas**
Teastaíonn airgead ón rialtas chun oibríocht stáit nua-aimseartha a mhaoiniú e.g. cosaint; póilíniú; etc.

**Chun earraí agus seirbhísí riachtanacha a chur ar fáil/earraí fiúntacha**
Teastaíonn airgeadas ón rialtas le seirbhísí ar nós cúram sláinte, oideachais a chur ar fáil atá riachtanach do na saoránaigh.

**Chun cuidiú le hathdháileadh ioncaim**
Is féidir leis an rialtas cáin a athdháileadh i bhfoirm íocaíochtaí leasa shóisialaigh le saoránaigh a dteastaíonn sé uathu e.g. an dól; pinsin seanaoise; liúntais do thuismitheoirí single etc.

**Chun an bonneagar a fhorbairt**
Is féidir an t-ioncam a bhailítear a chaitheamh ar thógáil bóithre, aerfort; ospidéal etc.

**Chun cuidiú le cúrsaí tionsclaíochta**
Is féidir fóirdheontais, deontais agus seirbhísí eile a sholáthar chun cuidiú leis an tionsclaíocht agus chun an fhiontraíocht a spreagadh.

**Spriocanna inmhianaithe sóisialta a bhaint amach**
Caitheamh tobac / ól alcóil a dhíspreagadh etc. Truailliú/ damáiste don timpeallacht a laghdú.

**Chun Comhardú na n-Íocaíochtaí níos fabhraí a bhaint amach**
Seans go dtitfeadh iompórtálacha dá gcuirfí cáin ar iompórtálacha, rud a d'fheabhsódh comhardú na n-íocaíochtaí in Éirinn.

**Chun cuspóirí eile an rialtais a bhaint amach**
D'fhéadfaí rátaí cánacha a ísliú chun fás geilleagrach a spreagadh. D'fhéadfaí cánacha díreacha a ardú chun caiteachas a dhíspreagadh agus boilsciú a rialú.

**2 x 5 mharc (2 + 3)**

(iii) Is féidir go smaoineoidh rialtas na hÉireann ar **cháin ar shiúcra** a thabhairt isteach chun tabhairt faoi ghéarchéim na hotrachta.
Déan plé ar **dhá** argóint i bhfabhar **nó** i gcoinne cáin ar shiúcra a thabhairt isteach.

**<u>Dhá argóint i bhfabhar</u>**

**Ioncam don stát**
Thabharfadh an cháin seo ioncam isteach don rialtas agus chisteodh an t-ioncam sin uasghrádú ar sheirbhísí stáit.

**Ídiú bia shiúcraithe a laghdú**
Mhéadódh an cháin praghas an bhia shiúcraithe agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé de chlaonadh ag daoine an bia sin a cheannach dá bharr.

**Chuideodh sí le tionscnaimh sláinte a chistiú**
D'fhéadfaí úsáid a bhaint as an ioncam a bhaileofaí le cláir a chistiú a théann i ngleic le hotracht i measc daoine óga go háirithe.

**Costais sláinte sa todhchaí a laghdú**
Dá gcuideofaí leis an méid a ídítear faoi láthair a laghdú d'fhéadfadh sé go mbeadh níos lú fadhbanna sláinte ann sa todhchaí agus
nach mbeadh caiteachas chomh hard ar shláinte.

**Pobal níos sláintiúla**
Cuideoidh laghdú ar an méid a itear i measc an phobail le leibhéil otrachta a laghdú agus pobal níos sláintiúla a chruthú.

**Deiseanna d'fhiontraithe**
D'fhéadfadh go mbeidh deiseanna ann d'fhiontraithe a bheith cruthaitheach agus roghanna eile atá níos sláintiúla a chur ar fáil.

***NÓ***

**<u>Dhá argóint ina coinne</u>**

**Praghsanna níos Airde**
Bheadh ar thomhaltóirí praghsanna níos airde a íoc ar bhia áirithe.

**Caillteanais Phost**
Má laghdaíonn caitheamh na n-earraí, d'fhéadfadh fostaithe sa tionscal seo a bpoist a chailleadh.

**Is cáin aischéimnitheach í cáin ar shiúcra**
Gearrfar níos mó cánach ar bhonn comhréireach ó dhaoine a fhaigheann níos lú ioncaim.

**2 x 5 mharc (2 + 3)**

**(b)** I gCáinaisnéis 2016, laghdaigh an Rialtas rátaí MSU.

(i) Cad dó a seasann na túslitreacha MSU?

(ii) Mínigh tionchar eacnamaíochta **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag laghduithe ar na rátaí MSU ar **gach** ceann díobh seo a leanas:

- fostaithe
- iompórtálacha go hÉirinn
- leibhéal na fostaíochta in Éirinn.

**(20 marc)**

(i) **MSU:** Muirear Sóisialta Uilíoch

**5 mharc**

(ii) Mínigh tionchar eacnamaíochta **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag laghduithe ar na rátaí MSU ar **gach** ceann díobh seo a leanas

- fostaithe
- iompórtálacha go hÉirinn
- leibhéal na fostaíochta in Éirinn

| Catagóir | Ráiteas | Míniú |
|---|---|---|
| Fostaithe | Ioncam indiúscartha níos airde | • Seans go bhfuil fostaithe ag iarraidh níos mó earraí agus seirbhísí a cheannach d'fhonn a gcaighdeáin mhaireachtála a fheabhsú.<br>• D'fhéadfadh le roinnt fostaithe níos mó airgid a chur i dtaisce.<br>• D'fhéadfadh le roinnt acu an t-ioncam breise a úsáid chun a gcuid fiach a laghdú. |
| Iompórtálacha go hÉirinn | D'fhéadfadh méadú teacht orthu. | • Ba cheart go méadódh an leibhéal caiteachais mar thoradh ar an ioncaim indiúscartha níos airde.<br>• Caithfear roinnt den mhéadú caiteachais ar iompórtálacha, agus d'fhéadfadh le hiompórtálacha méadú mar sin. |
| Leibhéal na fostaíochta in Éirinn | D'fhéadfadh méadú teacht orthu. | • Má mhéadaíonn an caiteachas seans go gcuirfeadh sé leis an éileamh comhiomlán agus go n-ardófar fos-taíocht.<br>• De réir mar a ardaíonn an t-ioncam indiúscartha, thiocfadh le fostaithe éilimh phá a mhaolú, d'fhéad-fadh costais titim agus seans go mbeadh níos mó éilimh ar oibrithe le sonrú dá dheasca.<br>• D'fhéadfaí daoine atá dífhostaithe go roghnach a spreagadh le filleadh ar an obair toisc gurbh fhearr as a bheidís ó thaobh airgid. |
| **3 cinn ar 5 mharc**<br>**Luaigh: 2 mharc. Mínigh: 3 mharc** | | |

**(c)** *"Tá ráta na dífhostaíochta ag titim i gcónaí. Léiríonn figiúirí nua gur íslíodh an ráta go dtí 9.3% i mí Dheireadh Fómhair 2015, ach is é ráta na hóg-dhífhostaíochta ná 19.7%."*

(**Foinse**: *The Irish Times*, Samhain 2015)

(i) Ainmnigh modh **amháin** chun dífhostaíocht in Éirinn a thomhas.
(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** bhuntáiste eacnamaíochta d'Éirinn a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an titim seo sa dífhostaíocht.
(iii) Mol beart **amháin** a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann a dhéanamh chun an óg-dhífhostaíocht a laghdú.

**(25 marc)**

(i) Ainmnigh modh **amháin** chun dífhostaíocht in Éirinn a thomhas.

**An Beochlár** *nó* **An Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh.** **6 mharc**

(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** bhuntáiste eacnamaíochta d'Éirinn a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an titim seo sa dífhostaíocht.

**Feabhas ar an gcaighdeán maireachtála / níos lú bochtaineachta.**

**Méadú ar ioncam cánach an rialtais.**
**Laghdú i leas sóisialach.**

**Fás geilleagrach.**

**Infheistíocht mhéadaithe.**

**Fairsingiú gnólachtaí.**

**Ionchas níos fearr do bhailte tuaithe.**

**2 x 7 marc (4+3)**

(iii) Mol beart **amháin** a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann a dhéanamh chun an óg-dhífhostaíocht a laghdú.

**Tuilleadh deiseanna oideachais / oiliúna a chur ar fail.**

**Fóirdheontais do shocrúcháin oibre / intéirneachtaí.**

**Laghdú ar ranníocaíochtaí ÁSPC.**

**Tuilleadh gairmoiliúna ar scoil / cúrsaí fiontraíochta a thabhairt isteach i scoileanna.**

**Cánachas / Polasaí leasa shóisialaigh / Rátaí íosphá.**

**Cealú / laghdú na dtáillí tríú leibhéal.**

**5 mharc (3+2)**

## C6 Allmhairí, Turasóireacht agus Cuideachtaí Ilnáisiúnta in Éirinn

**(a)** Is sampla d'iompórtáil dhofheicthe d'Éirinn é daoine as Éirinn a bheith ag freastal ar Euro 2016 (craobhchomórtas sacair na hEorpa) sa Fhrainc.

(i) Déan idirdhealú idir **iompórtáil shofheicthe** agus **iompórtáil dhofheicthe.**
(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis a bhfuil iompórtálacha tábhacht do gheilleagar na hÉireann.

**(20 marc)**

(i) Déan idirdhealú idir **iompórtáil shofheicthe** agus **iompórtáil dhofheicthe**.

Iompórtáil shofheicthe
Is éard atá i gceist ná duine in Éirinn ag ceannach earraí ó thíortha eile / fágann airgead Éire.

**5 mharc**

Iompórtáil dhofheicthe

Is éard atá i gceist na duine in Éirinn ag ceannach seirbhísí ó thír eile / fágann airgead Éire.

**5 mharc**

(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis a bhfuil iompórtálacha tábhacht do gheilleagar na hÉireann

**Rogha níos fairsinge le haghaidh tomhaltóirí / Caighdeán níos airde maireachtála**
Tá rogha níos fairsinge d'earraí agus de sheirbhísí ag tomhaltóirí e.g. torthaí coimhthíocha, saoirí thar lear, etc.

**Amhábhar nach bhfuil ar fáil in Éirinn**
Níl fáil ar amhábhair áirithe in Éirinn agus ní mór iad a iompórtáil, e.g. ola.
Ní oireann aeráid na hÉireann do tháirgeadh roinnt barr, i.e. oráistí.

**Fostaíocht san earnáil dáileacháin**
Bíonn daoine de dhíth chun earraí a iompórtáil, a phróiseáil agus a dháileadh. Cruthaíonn earraí iompórtáilte poist sna hearnálacha sin.

**Ioncam cánach don stát**
Má chuireann an rialtas taraifí ar earraí iompórtáilte áirithe, saothróidh sé sin ioncam don stát.

**Margadh intíre beag**
Mar gheall ar mhargadh beag na hÉireann, ní féidir táirgí áirithe a tháirgeadh go barainneach agus, dá bhrí sin, ní mór iad a iompórtáil e.g. carranna.

**2 x 5 mharc (2 + 3)**

**(b)** *"Tá súil le breis agus 8 milliún turasóir in Éirinn sa bhliain 2016."*

(**Foinse**: *Turasóireacht Éireann*, Nollaig 2015)

(i) Luaigh agus mínigh **dhá** bhuntáiste eacnamaíochta do gheilleagar na hÉireann a bhaineann leis an bhforbairt seo.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bheart a d'fhéadfadh gnólachtaí a bhfuil baint acu le Tionscail Turasóireachta na hÉireann a dhéanamh, chun a chinntiú go leanfaidh an líon turasóirí a thagann go hÉirinn ag méadú.

(iii) Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** a bhfuil tóir ar Éirinn mar ionad turasóireachta. **(25 marc)**

(i) Luaigh agus mínigh **dhá** bhuntáiste eacnamaíochta do gheilleagar na hÉireann a bhaineann leis an bhforbairt seo.

**Méadú ar an bhfostaíocht**
Cruthófar tuilleadh post sa tionscal óstán/bialann agus lónadóireachta.

**Méadú ar ioncam / OTN**
Caitheann turasóirí ioncam in Éirinn agus cuireann sé sin leis an sreabhadh ciorclach ioncaim.

**Buntáistí don ghnó** san earnáil turasóireachta.
Beifear níos cinnte faoina bhfuil i ndán d'óstáin, do bhialanna agus do thithe tábhairne agus tiocfaidh méadú ar an éileamh ar a gcuid seirbhísí.

**Ioncam cánach**
Cuirfidh fostaíocht mhéadaithe le hioncam cánach dírí agus cuirfidh caiteachas méadaithe le hioncam cánach indírí.

**Clú idirnáisiúnta**
Feabhsaítear iomrá na hÉireann mar cheann scríbe saoire agus d'fhéadfadh go meallfaí tuilleadh turasóirí go hÉirinn.

**Bainfidh soláthraithe i seachthionscadail tairbhe as sin**
Beidh éileamh níos mó ar sheirbhísí san earnáil fáilteachais agus turasóireachta, as a n-eascróidh méadú ar dhíolacháin agus ar bhrabúis.

**2 x 5 mharc (2 + 3)**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bheart a d'fhéadfadh gnólachtaí a bhfuil baint acu le Tionscail Turasóireachta na hÉireann a dhéanamh, chun a chinntiú go leanfaidh an líon turasóirí a thagann go hÉirinn ag méadú

**Táillí aeir iomaíocha a chur ar fáil / cur le líon na n-aerbhealaí**
Ní chosnódh sé an oiread céanna ar thurasóirí teacht ar cuairt go hÉirinn agus d'fhéadfadh fonn a bheith ar níos mó turasóirí teacht.

**Fógraíocht agus Cur Chun Cinn**
Cur leis an gcaiteachas ar fhógraíocht idirnáisiúnta d'fhonn níos mó daoine a mhealladh chun cuairt a thabhairt ar an tír. Díriú ar mhargaí sonracha, ar nós díograiseoirí gailf, iascaireachta, siúil etc.

**Praghsanna níos iomaíche ar lóistín agus ar sheirbhísí/Luach ar airgead**
D'fhéadfaí praghsanna speisialta a chur ar fáil le haghaidh turasóirí ar lóistín, ar bhia, ar iompar etc. agus d'fhéadfadh sé seo daoine a mhealladhchun teacht ar cuairt, e.g. praghsanna laghdaithe le haghaidh biachláir thurasóirí i mbialanna.

**Promóisin speisialta a thairiscint**
Dearbháin/cúpóin in irisleabhair/nuachtáin eachtracha a d'fhéadfadh turasóirí a úsáid chun praghsanna a laghdú má thugann siad cuairt ar Éirinn.

**2 x 5 mharc (2 + 3)**

(iii) Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** a bhfuil tóir ar Éirinn mar ionad turasóireachta

**Titim i luach an euro**
Tá luach an euro i gcomparáid le dollar na Stát Aontaithe agus leis an bpunt Steirling tite le bliain anuas agus dá bharr seo tá sé níos saoire cuairt a thabhairt ar Éirinn.

**Praghas / infhaighteacht iompair aeir**
Mealladh turasóirí chun na hÉireann mar gheall ar fháil a bheith ar tháillí ísealchostais aeir.
Tá líon na mbealaí a oibríonn siad méadaithe ag Aer Lingus agus Ryanair agus spreag sé seo níos mó daoine le cuairt a thabhairt ar Éirinn.

**Fógraíocht dhírithe**
Tá fógraíocht de chuid Thurasóireacht Éireann a leagann béim ar mhargaí nideoige ag mealladh níos mó turasóirí e.g. Slí an Atlantaigh Fhiáin.

**Tá réimse leathan nithe is díol spéise agus gníomhaíochtaí ar fáil in Éirinn**
Cuireann Éire réimse leathan gníomhaíochtaí ar fáil mar galf, féilte ceoil, rásaíocht capall, siúlóid sléibhe, tonnmharcaíocht etc. a mheallann go leor daoine a bhfuil spéiseanna éagsúla acu.

**5 mharc ( 2 + 3 )**

**(c)** Is sampla é Apple de CIN (MNC *i mBéarla*) atá ag feidhmiú in Éirinn. Tá sé beartaithe ag Apple ionad sonraí nua a thógáil i mBaile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe.

(i) Cad dó a seasann na túslitreacha CIN?
(ii) Ainmnigh CIN **amháin** eile atá lonnaithe in Éirinn.
(iii) Luaigh cúis **amháin** a d'fhéadfadh a bheith leis an gcinneadh a rinne Apple lonnú in Éirinn.
(iv) Déan plé ar **dhá** bhuntáiste eacnamaíochta do phobal áitiúil, seachas fostaíocht dhíreach, a bhaineann le CIN a chuid oibriúchán a lonnú sa phobal sin. **(30 marc)**

(i) Cad dó a seasann na túslitreacha CIN?

**Cuideachta Ilnáisiúnta**

**6 mharc**

(ii) Ainmnigh CIN **amháin** eile atá lonnaithe in Éirinn.

**Google / Facebook / Pfizer / Coca Cola / Intel / Dell / IBM / Microsoft / Ryanair / Glanbia**

**6 mharc**

(iii) Luaigh cúis **amháin** a d'fhéadfadh a bheith leis an gcinneadh a rinne Apple lonnú in Éirinn.

**Fáil ar lucht saothair atá oilte.**

**Infhaighteacht talún/cead pleanála.**

**Rochtain ar bhonneagar maith.**

**Fáil ar dhreasachtaí stáit.**

**Rátaí cánachais ísle.**

**Rochtain ar mhargadh mór na hEorpa.**

**6 mharc (3 + 3)**

(iv) Déan plé ar **dhá** bhuntáiste eacnamaíochta do phobal áitiúil, seachas fostaíocht dhíreach, a bhaineann le CIN a chuid oibriúchán a lonnú sa phobal sin.

**Fostaíocht neamhdhíreach.**

**Méadóidh an ghníomhaíocht gheilleagrach.**

**D'fhéadfaí infheistíocht eachtrach eile a mhealladh.**

**Éiríonn pobail níos beoga.**

**2 x 6 mharc (3 + 3)**

## C7 Ioncam Náisiúnta agus Fás Geilleagrach

**(a)** Modh amháin chun <u>Ioncam Náisiúnta</u> a ríomh is ea modh an chaiteachais.

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
(ii) Ainmnigh an **dá** mhodh eile a mbaintear úsáid astu chun ioncam náisiúnta a ríomh.
(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** bhealach a bhféadfadh tír úsáid a bhaint as staitisticí an ioncaim náisiúnta.

**(25 marc)**

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.

An t-ioncam a thuill buanchónaitheoirí tíre *ó* ghníomhaíocht reatha gheilleagrach i mbliain amháin.

**5 mharc**

(ii) Ainmnigh an **dá** mhodh eile a mbaintear úsáid astu chun ioncam náisiúnta a ríomh.

### Modhanna Ioncaim agus Aschuir

**2 x 5 mharc**

(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** bhealach a bhféadfadh tír úsáid a bhaint as staitisticí an ioncaim náisiúnta.

**Athruithe ar leibhéal fáis an gheilleagair**
Tabharfaidh staitisticí faoin ioncam náisiúnta eolas dúinn maidir le ráta fáis an gheilleagair sa tír ó bhliain amháin go bliain eile.

**Athruithe ar an gcaighdeán maireachtála**
Má tá ioncam náisiúnta ag ardú is féidir linn glacadh leis as sin go bhfuil an caighdeán maireachtála sa tír ag ardú.

**Athruithe ar leibhéil fostaíochta**
Bíonn méadú ar éileamh mar thoradh ar mhéadú san OTN agus ba chóir go mbeadh níos mó post ann dá bharr.

**Comparáidí idirnáisiúnta**
Le staitisticí ioncaim náisiúnta na hÉireann, is féidir comparáidí a dhéanamh le tíortha eile maidir le ráta fáis an gheilleagair.

**Dáileadh ioncaim**
Tabharfaidh iniúchadh ar na staitisticí léargas ginearálta dúinn maidir le dáileadh na n-ioncam idir earnálacha éagsúla sa tír e.g. earnáil na talmhaíochta etc.

**Cion an rialtais**
Léirítear dúinn leis na staitisticí an méid iomlán a chuireann an rialtas leis an ioncam náisiúnta sa tír.

**2 x 5 mharc (3+2)**

**(b)** Glac leis gurb é an tIoncam Náisiúnta (Y) ná: **Y = C + I + G + X - M** áit a bhfuil
C = €2,000m, I = €700m, G = €500m, X = €200m agus M = €150m

(i) Luaigh cad dó a seasann gach ceann de na litreacha /siombailí san fhoirmle thuas.
(ii) Bain úsáid as na figiúirí atá curtha ar fáil chun leibhéal an Ioncaim Náisiúnta a ríomh. **Taispeáin do chuid oibre**.

**(20 marc)**

(i) Luaigh cad dó a seasann gach ceann de na litreacha /siombailí san fhoirmle thuas.

**Tomhaltas / Infheistíocht / Caiteachas Rialtais / Easpórtálacha / Earraí Iompórtáilte**

**2 mharc in aghaidh na siombaile**

(ii) Bain úsáid as na figiúirí atá curtha ar fáil chun leibhéal an Ioncaim Náisiúnta a ríomh.

**Y = C + I + G + X - M**

€2,000m + €700m + €500m + €200m - €150m = €3,250m

**10 marc**

**(c)** *"Tá tuartha ag an AE go dtiocfaidh fás 4.5% ar OTI na hÉireann in 2016."*

(**Foinse**: *The Irish Times*, Samhain 2015)

(i) Cad dó a seasann na litreacha **AE** agus **OTI**?
(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** bhuntáiste eacnamaíochta a d'fhéadfadh geilleagar na hÉireann a bhaint as an bhforbairt thuas.
(iii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chostais a d'fhéadfadh a bheith ag baint le fás geilleagrach.

**(30 marc)**

(i) **An tAontas Eorpach** *agus* **Olltáirgeacht Intíre**

**10 marc (4+6)**

(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** bhuntáiste eacnamaíochta a d'fhéadfadh geilleagar na hÉireann a bhaint as an bhforbairt thuas.

**Méadú ar an bhfostaíocht**
Beidh méadú ar an éileamh ar fhostaithe de bharr OTI ardaithe; éileofar níos mó oibrithe chun an t-aschur seo a sholáthar.

**Feabhas ar airgeadas an rialtais**
Mar gheall ar mhéadú ar an gcaiteachas, tagann méadú ar an ioncam ó cháin indíreach; beidh méadú ar an ioncam ó cháin dhíreach de bharr níos mó daoine a bheith i mbun oibre; ba cheart go dtitfeadh an caiteachas ar leas sóisialach.

**Iarmhairtí do Chomhardú na nÍocaíochtaí**
Más as aschur méadaithe a thagann OTI breise agus má onnmhairítear cuid den aschur sin, tagann feabhas ar staid na tíre maidir le comhardú na n-íocaíochtaí.

**Caighdeán maireachtála níos fearr**
Fágann OTI níos airde go dtagann méadú ar an ioncam/saibhreas sa gheilleagar, rud a thugann an deis dúinn níos mó earraí agus seirbhísí a cheannach / laghdú ar an mbochtaineacht.

**Iarmhairtí don imirce**
Má bhíonn deiseanna fostaíochta le tapú, d'fhéadfadh daoine a bheartaigh dul ar imirce fanacht anseo agus d'fhéadfaí níos mó inimirceach a mhealladh chun an gheilleagair, rud a chuirfeadh leis an éileamh ar earraí agus ar sheirbhísí.

**Deiseanna infheistíochta.**
Cuireann OTI atá ag ardú in iúl go bhfuil borradh faoin ngeilleagar, rud a d'fhéadfadh infheistíocht a mhealladh.

**2 x 5 mharc (3 + 2)**

(iii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chostais a d'fhéadfadh a bheith ag baint le fás geilleagrach.

**Brú ar an margadh tithíochta**
D'fhéadfadh an méadú in OTI an chumhacht caithimh a mhéadú agus d'fhéadfadh sé sin praghas na dtithe a ardú arís eile.

**Éileamh ar arduithe pá.**
D'fhéadfadh oibrithe arduithe pá a éileamh chun na laghduithe pá le blianta beaga anuas a chúiteamh, e.g. is amhlaidh atá faoi láthair san earnáil iompair.

**Ionchais athbhreithnithe ag saoránaigh**
I rith tréimhse fáis gheilleagraigh, d'fhéadfadh ionchais athrú agus a bheith i gcoimhlint lena chéile. D'fhéadfadh roinnt saoránach a bheith ag iarraidh níos mó infheistíochta a fheiceáil i mbonneagar nó seirbhísí stáit feabhsaithe agus d'fhéadfadh daoine a bheith ag iarraidh go laghdófaí cánacha.

**Méadú ar an éileamh ar easpórtálacha**
Méadaíonn ardú san OTI ár n-ioncam agus ár gcumhacht caithimh agus d'fhéadfadh méadú teacht ar an éileamh ar easpórtálacha; rachadh ár staid maidir le comhardú na n-íocaíochtaí chun donachta dá bharr.

**Brúnna boilscitheacha.**
Mar thoradh ar mhéadú ar an leibhéal gníomhaíochta geilleagraí, tiocfaidh méadú ar an mboilsciú de bharr an éilimh.

**Dáileadh neamhchothrom ioncaim / rachmas**
Mar gheall ar OTI atá ag ardú, d'fhéadfadh rachmas na ndaoine saibhre ardú go díréireach agus d'fhéadfadh an bhochtaineacht a bheith fós le sonrú in Éirinn e.g. daoine gan dídean; gan fáil mhaith a bheith ar sheirbhísí stáit.

**2 x 5 mharc (3 + 2)**

## C8 Fiachas Náisiúnta, Metro Thuaidh agus Caomhnú Comhshaoil

**(a)** Is ceann d'aidhmeanna eacnamaíochta rialtas na hÉireann é fiachas náisiúnta na hÉireann a laghdú.

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** bhuntáiste eacnamaíochta a bhaineann le fiachas náisiúnta na hÉireann a laghdú.
(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** aidhm eacnamaíochta eile atá ag rialtas na hÉireann.

**(25 marc)**

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.

Fiachas Náisiúnta: an tsuim iomlán/charnach d'iasachtaíocht an rialtais atá gan íoc.

**5 mharc**

(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** bhuntáiste eacnamaíochta a bhaineann le fiachas náisiúnta na hÉireann a laghdú.

**Ús bliantúil níos ísle ar aisíocaíochtaí**
Tugann fiachas náisiúnta atá ag titim le fios go dtitfidh íocaíochtaí úis bliantúla chomh maith.

**Deischostas: cistí méadaithe ar fáil don rialtas**
Agus níos lú airgid á íoc ar ais i gcoinne ár bhfiachas náisiúnta, bíonn cistí níos mó ar fáil don rialtas agus d'úsáidí eile.

**Brú laghdaithe ar cháiníocóirí**
Má thagann laghdú ar an bhfiachas náisiúnta ní bhíonn an oiread brú ar cháiníocóirí faoi láthair/sa todhchaí i dtaobh cánacha arda a íoc chun aisíocaíocht an fhiachais náisiúnta a mhaoiniú.

**Sreabhadh ciorclach an ioncaim**
Mar gheall nach bhfágfaidh an oiread airgid an tír, cuirtear le sreabhadh ciorclach an ioncaim náisiúnta. Ba cheart go méadódh sé sin an ghníomhaíocht gheilleagrach.

**Méadú ar sholáthar seirbhísí poiblí**
De bharr laghdú san fhiachas náisiúnta, b'fhéidir nach gá don rialtas an caiteachas ar sheirbhísí poiblí a chiorrú, rud a d'fhágfadh go dtiocfadh méadú ar sholáthar roinnt seirbhísí, e.g. an tseirbhís sláinte; an tseirbhís oideachais.

**Rátáil fheabhsaithe chreidmheasa idirnáisiúnta.**
Mar gheall go meastar go bhfuil fiachas náisiúnta na hÉireann ag dul i laghad (agus ag cloí le rialacha AE/IMF), d'fhéadfadh gníomhaireachtaí éagsúla rátáil chreidmheasa fheabhsaithe a thabhairt dúinn.

**Muinín níos mó as an ngeilleagar**
D'fhéadfadh saoránaigh agus gnólachtaí muinín níos mó a bheith acu as an ngeilleagar agus a gcuid caiteachais a mhéadú. D'fhéadfadh sé sin dlús a chur faoin bhfás geilleagrach arís.

**2 x 5 mharc (3 + 2)**

(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** aidhm eacnamaíochta eile atá ag rialtas na hÉireann.

**Lánfhostaíocht a bhaint amach.**

**Airgeadas inbhuanaithe rialtais / iasachtaíocht a laghdú.**

**Fás geilleagrach a bhaint amach.**

**Leathnaigh an bonn cánach / laghdaigh an cháin ioncaim.**

**Seirbhísí éifeachtúla stáit a chur ar fail.**

**Forbairt bonneagair / rochtain ar leathanbhanda.**

**Forbairt chothromaithe sna réigiúin a chur chun cinn.**

**Borradh a chur faoi easpórtálacha / iomaíochas a fheabhsú / infheistíocht a mhealladh / breisoiliúint a chur ar an lucht saothair.**

**Forbairt gheilleagrach inbhuanaithe.**

**2 x 5 mharc (3 + 2)**

**(b)** 'Tá Metro Thuaidh, iarnród ardluais ó lár Chathair Bhaile Átha Cliath go hAerfort Bhaile Átha Cliath agus go Sord le dul ar aghaidh, ar chostas €2.4 billiún, mar chuid de phleananna an Rialtais chun <u>bonneagar</u> na tíre a fheabhsú.' (**Foinse**: *Irish Independent*, Meán Fómhair 2015)

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
(ii) Luaigh agus mínigh buntáiste eacnamaíochta **amháin** agus míbhuntáiste eacnamaíochta **amháin** do gheilleagar na hÉireann a d'fhéadfadh a bheith ag baint le tógáil Metro Thuaidh.
(iii) Luaigh sampla **amháin** eile de bhonneagar ar chóir infheistíocht a dhéanamh ann faoi láthair agus luaigh cúis **amháin** le do rogha. **(26 marc)**

(i) Bonneagar:

- earraí/seirbhísí atá riachtanach le haghaidh reáchtáil gan stró geilleagair /
- earraí/seirbhísí a theastaíonn ón tionscal le feidhmiú i gceart.
- trealamh caipitil a úsáidtear le seirbhísí ar a bhfuil fáil phoiblí a sholáthar.

**6 marc**

(ii) Luaigh agus mínigh buntáiste eacnamaíochta **amháin** agus míbhuntáiste eacnamaíochta **amháin** do gheilleagar na hÉireann a d'fhéadfadh a bheith ag baint le tógáil Metro Thuaidh.

| **Buntáistí eacnamaíocha** | **Míbhuntáistí eacnamaíocha** |
|---|---|
| **Plódú tráchta níos lú/am comaitéireachta laghdaithe**<br>Leis an metro nua d'fhéadfaí an líon carranna ar na bóithre a laghdú agus tríd sin laghdófaí an plódú tráchta. | **Méadú i bpraghsanna talún / maoine**<br>D'fhéadfadh praghsanna maoine i gcóngaracht do bhealach an metro méadú, a chruthódh deacracht dóibh siúd a bheadh ag iarraidh maoin a cheannach. |
| **Truailliú laghdaithe / Caomhnú Comhshaoil**<br>Mar gheall ar níos lú carranna a bheith ann, titfidh leibhéil truaillithe (torann agus astacháin) agus laghdófar an damáiste atá á dhéanamh don chomhshaol. | **Costas airgeadais an tionscadail**<br>D'fhéadfadh sé gur ghá cánacha a ardú chun an tionscadal a mhaoiniú. |
| **Amanna taistil níos giorra: níos lú struis/timpistí Feabhas ar an tseirbhís iompair phoiblí**<br>Laghdófar an t-am comaitéireachta idir Aerfort Bhaile Átha Cliath / Sord agus bealaí idir eatarthu chuig lár na cathrach. Mar gheall ar níos lú moille agus stró, laghdófar strus do thaistealaithe. | **Deischostas an tionscadail**<br>D'fhéadfadh gur fearr le roinnt saoránach go n-úsáidfí cistí an tionscadail i gcomhair nithe eile m.sh an líon daoine gan dídean a laghdú etc. |
| **Feabhas ar an timpeallacht / bonneagar áitiúil**<br>De bharr an metro nua, a laghdóidh trácht carranna, d'fhéadfadh an deis a bheith ag pobail áitiúla a dtimpeallacht fhisiciúil a athfhorbairt agus a fheabhsú chun tairbhe gach saoránach, agus an bonneagar á fheabhsú chomh maith. | **Suaitheadh i rith tógála**<br>Mar is amhlaidh i gcás gach tionscadail den sórt sin, d'fhéadfadh sé go gcuirfí isteach ar an saol geilleagrach, sóisialta agus tráchtála. |
| **Níos lú úsáide á baint as ola**<br>D'fhéadfadh níos mó daoine úsáid a bhaint as an Metro, rud a laghdódh an úsáid a bhaintear as carranna príobháideacha agus dá bhrí sin laghdófaí an úsáid a bhaintear as ola. | **Caillteanas ioncaim d'oibreoirí tacsaí / bus**<br>Nuair a bheadh níos mó daoine ag baint úsáid as an Metro, ní bheidh an oiread daoine ag baint úsáide as tacsaithe agus busanna agus dá bhrí sin beidh caillteanas ioncaim ann – agus d'fhéadfaí poist a chailleadh dá bharr. |
| **Méadú ar an bhfostaíocht**<br>Cruthófar poist i rith thógáil an Metro. | **B'fhéidir nach mbeadh an dlús daonra leordhóthanach chun an costas a chosaint.** |
| **6 mharc**<br>**(3 + 3)** | **6 mharc**<br>**(3 + 3)** |

(iii) Luaigh sampla **amháin** eile de bhonneagar ar chóir infheistíocht a dhéanamh ann faoi láthair agus luaigh cúis **amháin** le do rogha.

| **Sampla** | **Cúis leis an rogha** |
|---|---|
| Leathanbhanda | Níl rochtain mar a chéile ar an leathanbhanda ar fud na tíre agus dá bhrí sin is gá don rialtas infheistíocht a dhéanamh ionas go mbeidh rochtain ag gach saoránach ar leathanbhanda ag luas maith. |
| Ospidéil | Mar gheall go bhfuil fadhb ann le plódú in ospidéil agus go leor othar ar thralaithe, ba cheart don rialtas níos mó ospidéal a thógáil nó síneadh a chur leis na hospidéil atá ann chun freastal ar an líon níos mó daoine atá á n-úsáid. |
| Scoileanna | Leis an méadú sa daonra beidh gá níos mó le hoideachas bunscoile agus meánscoile, agus mar sin ba cheart don rialtas níos mó scoileanna a thógáil. |
| Iompar Poiblí | Chun astaíochtaí a laghdú ba cheart don rialtas infheistíocht a dhéanamh in iompar poiblí níos fearr, i gceantair thuaithe go háirithe. |
| **4 mharc** | **4 mharc** |

**Aon bhonneagar inghlactha: 4 mharc. Cúis leis an rogha: 4 mharc.**

**(c)** Mol beart **amháin** a d'fhéadfadh **trí** cinn ar bith ar leith díobh seo a leanas a dhéanamh chun an timpeallacht a chosaint:
Tomhaltóirí / Gnólachtaí / Pobail áitiúla / Rialtas na hÉireann **(24 marc)**

## Tomhaltóirí

**Ceannaigh ó na siopaí áitiúla:** ceannaigh bia ó tháirgeoirí áitiúla a laghdóidh úsáid iompair.
**Athchúrsáil / déan múirín as dramhaíl tí:** cuidíonn sé seo le comhshaol glan agus sláintiúil a chothú.
**Ná caith bruscar / déan truailliú:** coinnigh an comhshaol glan.
**Úsáid iompar poiblí** chun astaíochtaí a laghdú nó siúl seachas tiomáint.
**Aistrigh chuig fuinneamh gréine / bolgáin atá tíosach ó thaobh fuinnimh** chun úsáid breoslaí iontaise a laghdú.
**Ceannaigh carranna leictreacha:** cuideoidh sé seo le hastaíochtaí a laghdú.
**Múch soilse agus trealamh mura bhfuil siad a n-úsáid:** ní chuirfear acmhainní ganna amú.

## Gnólachtaí

**Urraíocht do phobail áitiúla:** cabhraigh le crainn / toir etc. a chur ina gceantair áitiúla.
**Éascaigh do thionscnaimh athchúrsála:** féadfaidh tomhaltóirí seantáirgí a thabhairt ar ais le bailiú / athchúrsáil.
**Laghdaigh úsáid fuinnimh / aistrigh chuig fuinneamh gréine (in-athnuaite):** cuideoidh sé le húsáid breoslaí iontaise a laghdú.
**Tabhair isteach táillí do bhuidéil phlaisteacha:** agus aisíocaíocht nuair a thugtar buidéal ar ais.
**Laghdaigh pacáistiú**: cuideoidh sé seo le dramhaíl a laghdú agus acmhainní ganna a shábháil.

## Pobail áitiúla

**Comórtais Bhailte Slachtmhara:** spreagfaidh sé seo saoránaigh chun a bpobail áitiúla a choinneáil glan.
**Eagraigh ionaid athchúrsála pobail:** seans go spreagfaidh sé seo pobail áitiúla chun dramhaíl a laghdú.
**Cothaigh / forbair láithreacha conláiste poiblí:** le húsáid an phobail ionas go bhfeabhsófar an timpeallacht.
**Éascaigh margaí áitiúla / feirmeora:** ionas gur féidir le daoine ceannach go háitiúil agus laghdaíonn sé seo an gá le bia a iompórtáil nó taisteal achair fhada.

## Rialtas na hÉireann

**Feachtais oideachais:** cuidíonn siad le feasacht a ardú ar na tairbhí a bhaineann le comhshaol glan/sláintiúil.
**Ardaigh cánacha:** ar na cleachtais sin a mbíonn drochthionchar acu ar an gcomhshaol i.e. cáin ar bhuidéil phlaisteacha; cáin ar charranna príobháideacha; cáin i ndáil le brú tráchta ar charranna a théann isteach i gCathair Bhaile Átha Cliath.
**Cuir iompar poiblí ar fáil / tabhair fóirdheontas ina leith:** rud a spreagfadh úsáid níos mó as agus a laghdódh astaíochtaí.
**Deontais d'úsáid fuinnimh gréine / insliú baile:** a chuidíonn le dramhaíl a laghdú.

**3 x 8 marc (4 + 4)**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 400 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 400 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 300 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 301 - 303 | 29 |
| 304 - 306 | 28 |
| 307 - 310 | 27 |
| 311 - 313 | 26 |
| 314 - 316 | 25 |
| 317 - 320 | 24 |
| 321 - 323 | 23 |
| 324 - 326 | 22 |
| 327 - 330 | 21 |
| 331 - 333 | 20 |
| 334 - 336 | 19 |
| 337 - 340 | 18 |
| 341 - 343 | 17 |
| 344 - 346 | 16 |
| 347 - 350 | 15 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 351 - 353 | 14 |
| 354 - 356 | 13 |
| 357 - 360 | 12 |
| 361 - 363 | 11 |
| 364 - 366 | 10 |
| 367 - 370 | 9 |
| 371 - 373 | 8 |
| 374 - 376 | 7 |
| 377 - 380 | 6 |
| 381 - 383 | 5 |
| 384 - 386 | 4 |
| 387 - 390 | 3 |
| 391 - 393 | 2 |
| 394 - 396 | 1 |
| 397 - 400 | 0 |

Leathanach Bán

Leathanach Bán